# 11 Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialta

**11.1** Ceanglaítear ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú go gcuirtear an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm chun na gcríoch sin a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go gcloíonn a cuid idirbheart airgeadais leis na húdaráis a airbheartaíonn sí ar cuireadh i bhfeidhm fúthu iad. Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá choinníoll sin.

**11.2** Aon íocaíochtaí de bhreis ar na teidlíochtaí faoi théarmaí scéimeanna leasa, is íocaíochtaí neamhrialta iad ar an mbonn sin. Tarlaíonn íocaíochtaí iomarcacha den saghas sin ar roinnt bhealaí, lena n-áirítear

- ***Calaois éilitheora*** — nuair a thugann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa shóisialta faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn i ndáil le héileamh d'aon ghnó, nó a mhainníonn d'aon ghnó a insint don Roinn faoi athruithe ábhartha i gcúinsí (amhail méadú ar a acmhainn nó ar a riocht sláinte) a imríonn tionchar ar éileamh atá á íoc.
- ***Earráid éilitheora*** — a tharlaíonn nuair a chuireann an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán ar fáil, nó a mhainníonn athrú ábhartha ar chúinsí a thuairisciú, ach nuair nach bhfuil aon rún chalaoiseach shoiléir ag an éilitheoir.
- ***Earráid oifigiúil*** — nuair a íoctar sochair go mícheart mar gheall ar easpa gníomhaíochta, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1]

**11.3** Tá clár seanbhunaithe ag an Roinn i leith suirbhéanna rialaithe a dhéanamh ar na scéimeanna leasa shóisialta. Leis na suirbhéanna seo déantar athbhreithniú 'thar am ar leith' ar shamplaí randamacha de 500 go 1,000 éileamh atá á n-íoc lena fháil amach an bhfuil na héilitheoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu agus, má tá, an bhfuil na méideanna cearta á n-íoc leo. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn sainaithint a dhéanamh ar rioscaí sna scéimeanna, mar aon le haon ghá le hathruithe a dhéanamh ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm. Déantar suirbhéanna ar scéimeanna ardluacha níos minice ná scéimeanna íseal-luacha. In Iarscríbhinn 11A tá cuntas tugtha ar shuirbhéanna a rinneadh san am atá caite, agus ar na cinn atá beartaithe do 2019.

## Incháilitheacht d'íocaíocht

**11.4** Athraíonn na critéir incháilitheachta d'íocaíocht leasa shóisialta ó scéim go scéim agus d'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leo coinníollacha maidir le haois, dálaí teaghlaigh, agus/nó stádas eacnamaíoch. Braitheann formhór na scéimeanna ar thaifead ranníocaíochtaí árachais shóisialta nó ar ioncam an éilitheora ó fhoinsí eile, arna mheas trí thástáil mhaoine.

**11.5** Tá incháilitheacht leighis ina bunchritéar íocaíochta faoi scéimeanna leasa shóisialta áirithe. Mar shampla

- Caithfidh faighteoirí an liúntais míchumais gortú, galar nó míchumas coirp nó meabhrach a bheith orthu go leanúnach ar feadh bliana ar a laghad, nó caithfidh sé gur dócha go leanfaidh galar nó míchumas den sórt sin go ceann bliana ar a laghad, agus de dheasca an mhíchumais sin caithfidh srian suntasach a bheith orthu maidir le hobair a dhéanamh a bheadh oiriúnach de ghnáth do dhaoine dá n-aois a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí céanna acu.

1 I gcásanna áirithe, féadfaidh éilitheoirí níos lú a fháil ná an méid atá ag dul dóibh de bharr earráidí a dhéanann siad féin nó earráidí oifigiúla.

- Caithfidh sé nach bhfuil faighteoirí sochair breoiteachta in ann oibriú de bharr breoiteachta nó gortú — ní mór dóibh teastas seachtainiúil nó míosúil a sholáthar don Roinn óna ndochtúir.
- Caithfear a mheas nach bhfuil ar chumas faighteoirí pinsin easláine oibriú go buan, nó nach raibh ar a gcumas oibriú ar feadh 12 mhí ar a laghad agus gur dócha nach mbeidh ar a gcumas oibriú go ceann 12 mhí eile ar a laghad.

**11.6** Nuair a dhéanann an Roinn suirbhé rialaithe ar scéim a bhfuil critéir incháilitheachta leighis ag gabháil léi, déantar athbhreithniú leighis ar fhothacar de na cásanna. D’fhéadfaí teacht ar chásanna dá bharr sin a mheastar nach gcomhlíonann a riocht sláinte na critéir shonraithe a thuilleadh. Nuair a tharlaíonn sé sin, féadfar na híocaíochtaí leasa shóisialta a stopadh, nó an méid is iníoctha a laghdú.

**11.7** Ós rud é go bhféadfadh riocht sláinte faighteora leasa shóisialta feabhsú le himeacht ama, ní mheasann an Roinn gurb ionann toradh athbhreithnithe go bhfuil faighteoir neamh-incháilithe faoi láthair ó thaobh sláinte de agus íocaíocht earráide nó chalaoise. Measann an Roinn go raibh bonn faoin íocaíocht suas go dtí an t-athbhreithniú leighis de bharr na fianaise leighis roimhe. I dtuairim na Roinne, aon athrú a thagann chun solais de bharr an athbhreithnithe leighis, ní thugann sé sin le fios go ndearna an Roinn earráid íocaíochta ná gur calaois a bhí ann mar go raibh idir an Roinn agus an faighteoir ag gníomhú de mheon macánta de réir na fianaise leighis a raibh fáil uirthi go dtí an pointe sin.

**11.8** Toisc go bhféadfadh faighteoir a theidlíocht chun íocaíocht leasa a chailleadh má thagann feabhas ar an riocht sláinte, nuair a aithnítear cás dá leithéid mar thoradh ar athbhreithniú ar theidlíocht tugann sé sin le fios gurbh ann d'íocaíocht iomarcach tráth an athbhreithnithe, ar cheart í a chur san áireamh sa mheastachán ar leibhéil na n-íocaíochta iomarcacha.

## Móriomlán agus glaniomlán na n-íocaíochtaí iomarcacha

**11.9** D’fhéadfadh faighteoir íocaíochtaí leasa shóisialta a mheastar nach bhfuil i dteideal íocaíochta (nó nach bhfuil ina teideal a thuilleadh) faoi scéim áirithe a bheith i dteideal íocaíochta faoi scéim eile de chuid na Roinne.[1] Sa chás sin, d’fhéadfaí an íocaíocht iomarcach a braitheadh a chúiteamh (go hiomlán nó go páirteach) le híocaíochtaí breise ar an scéim eile. I gcásanna eile ina n-athraítear íocaíochtaí faighteora mar thoradh ar shuirbhé rialaithe, féadfar na híocaíochtaí a chur ar ais (nó a chur ar ais go páirteach) mar thoradh ar achomharc.

**11.10** Tá difríocht, mar sin, idir móriomlán na n-íocaíochtaí iomarcacha agus glaniomlán na n-íocaíochtaí iomarcacha. Gabhann impleachtaí le ceachtar díobh maidir le rialtacht na scéime agus leis an gcaiteachas comhiomlán a thaifeadtar i gcuntas leithreasa Vóta 37: Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialta agus i gcuntais an Chiste Árachais Shóisialta (CÁS).

## Torthaí suirbhé

**11.11** I Fíor 11.1 taispeántar an caiteachas in 2017 ar scéimeanna an Vóta agus an Chiste Árachais Shóisialta a ndearnadh suirbhéanna rialaithe ina leith (uair amháin ar a laghad) ó 2012.[2, 3] Taispeántar freisin na leibhéil mheasta d’íocaíochtaí iomarcacha, de bharr calaoise, earráide nó neamh-incháilitheacht leighis, faoi gach scéim a fuarthas le linn na suirbhéanna is déanaí.

1 Féadfaidh an Roinn freisin íocaíochtaí leasa a dhéanamh i ndáil le daoine ar stopadh a n-íocaíochtaí agus ar cleithiúnaigh iad de chuid faighteora leasa eile.

2 Áirítear pinsean stáit neamh-ranníocach ar an tábla toisc leibhéal caiteachais na scéime, cé gur in 2008 a bhí an suirbhé rialaithe is déanaí. Tá suirbhé nua ar an scéim ar bun faoi láthair.

3 Ní áirítear an suirbhé ar Shochair Teaghlaigh in 2016 toisc gur bhain an suirbhé sin le tairbhithe nach raibh ag fáil aon íocaíochta leasa shóisialta eile agus ní raibh sa ghrúpa sin ach 7% díobhsan a bhí ag fáil an phacáiste leasa.

**11.12** Tá éagsúlacht fhorleathan le sonrú i leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a fuarthas trí shuirbhéanna ar scéimeanna atá maoinithe ón Vóta. Seachas an sochar linbh, ar íocaíocht uilíoch é (.i. ní dhéantar tástáil mhaoine ina leith), tá móriomlán na n-íocaíochtaí iomarcacha idir 1.9% agus 18.4% de chaiteachas iomlán na scéime. Tá glaniomlán na n-íocaíochtaí iomarcacha le haghaidh scéimeanna atá maoinithe ón Vóta idir 0.5% agus 10.4%.

**11.13** Tá éagsúlacht le sonrú chomh maith i leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a aimsíodh sna scéimeanna arna maoiniú ag an gCiste Árachais Shóisialta a ndearnadh suirbhé orthu. Tá móriomlán measta na n-íocaíochtaí iomarcacha le haghaidh na scéimeanna atá maoinithe ag an gCiste Árachais Shóisialta idir 0.8% agus 13.4%. Tá glaniomlán na n-íocaíochtaí iomarcacha le haghaidh scéimeanna atá maoinithe ón gCiste idir 0.7% agus 6%.

**11.14** Ar an iomlán, b’ionann na scéimeanna a áirítear i Fíor 11.1 agus 76% (€7.9 billiún) de Chaiteachas an Vóta in 2017, agus 91% (€8 mbilliún) de chaiteachas an Chiste Árachais Shóisialta.

**Fíor 11.1 Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha i scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu**

| Cuntas agus scéim | Costas na scéime, 2017 | Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha | |
|---|---|---|---|
| | € milliún | Móriomlán | Glaniomlán |
| **Scéimeanna arna maoiniú ón Vóta** | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,103 | 4.6% | 3.1% |
| An Sochar Linbh | 2,086 | 0.5% | 0.5% |
| Liúntas Míchumais[a] | 1,469 | 18.4% | 4.1% |
| Pinsean Stáit (neamhranníocach) | 995 | 1.9% | n/b |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 498 | 7.1% | 2.7% |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 415 | 1.9% | 0.5% |
| Forlíonadh Cíosa | 231 | 6.0% | 5.0% |
| An Liúntas Leasa Forlíontach (BASI) | 97 | 2.6% | 2.4% |
| Cúnamh Feirme | 78 | 10.6% | 10.4% |
| **Iomlán na scéimeanna arna maoiniú ón Vóta** | **7,972** | | |
| **Scéimeanna arna maoiniú faoin gCiste Árachais Shóisialta** | | | |
| Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) | 4,916 | 2.0% | 2.0% |
| Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtí Shibhialta Mharthanaigh | 1,467 | 0.8% | 0.7% |
| Pinsean Easláine[a] | 673 | 2.8% | 1.5% |
| Sochar Breoiteachta[a] | 599 | 13.4% | 6.0% |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 340 | 2.5% | 1.6% |
| **Iomlán na Scéimeanna arna maoiniú faoin** | **7,995** | | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá leagtha amach anseo thíos leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a cuireadh i leith neamh-incháilitheacht leighis sna trí scéim a bhaineann le breoiteacht

| Scéim | Leibhéal measta na n-íocaíochtaí iomarcacha | |
|---|---|---|
| | Móriomlán | Glaniomlán |
| Liúntas míchumais | 15.3% | 2.0% |
| Pinsean easláine | 2.3% | 1.0% |
| Sochar breoiteachta | 12.9% | 5.6% |

## Tátal

Tá tábhacht nach beag ag baint le leibhéal na n-íocaíochtaí iomarcacha a tháinig chun solais mar thoradh ar shuirbhéanna rialaithe na Roinne ar leibhéal na scéimeanna (móriomlán) agus ar leibhéal na Roinne (glaniomlán) araon. Dá réir sin, tá tagairt déanta agam i mo thuairiscí iniúchta ar Chuntas Leithreasa 2017 do Vóta 37: Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialta agus do Chuntas an Chiste Árachais Shóisialta, 2017 do leibhéal ábhartha neamhrialtachta na n-íocaíochtaí scéime.

# Iarscríbhinn 11A

**Fíor 11A.1 Sceideal na suirbhéanna rialaithe a foilsíodh nó atá ar bun 2008 go 2018, agus atá beartaithe, 2019**

| Cuntas agus scéim | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scéimeanna arna maoiniú ón Vóta** | | | | | | | | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | | | Foilsithe | | | | Foilsithe | | | | | |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | | | | | | | | | Ar bun | |
| Liúntas Cúramóra | | | | | | | | | | | Foilsithe | |
| An Sochar Linbh | | | | | | Foilsithe | | | | | | |
| Liúntas Míchumais | | | | | Foilsithe | | | | | | | Beartaithe |
| Pinsean Stáit (neamhranníocach) | Foilsithe | | | | | | | | | | Ar bun | |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | Foilsithe | | | | Foilsithe | | | | | | | Beartaithe |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| Forlíonadh Cíosa | | | | | | | Foilsithe | | | | | |
| An Liúntas Leasa Forlíontach | | | | | | | | | | Foilsithe | | |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| Cúnamh Feirme | | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| **Scéimeanna arna maoiniú faoin gCiste Árachais Shóisialta** | | | | | | | | | | | | |
| Pinsean Stáit (ranníocach/aistriú) | | | Foilsithe | | | | | | | Foilsithe | | |
| Pinsean Ranníocach | | | | | | | | | | | | |
| Baintrí/Baintrí Fir/ Páirtí Shibhialta Mharthanaigh | | | | | | | Foilsithe | | | | | |
| Pinsean Easláine | | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| Sochar Breoiteachta | | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| Sochar Cuardaitheora Poist | | | | | Foilsithe | | | | | | | |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | | | | | Foilsithe | | | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Eochair:
- Beartaithe, faoi réir deimhniú tráth a bhfoilseofar an Straitéis Rialaithe nua (2019 go 2023)
- Ar bun
- Foilsithe